

Cuntas Leithreasa 2017

Vóta 18

Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Réamhrá

I mo ról mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 18 ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais sin, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 maidir le tuarastail agus costais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €9.13 milliún a ghéilleadh don Stáitchiste.

Le linn na tréimhse cuntasaíochta dar chríoch 31 Nollaig 2017, d'oibrigh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte mar aonad laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar bun mar oifig Státseirbhíse ar leith ar 1 Eanáir 2018. Aistríodh na sócmhainní agus dliteanais uile a bhaineann léi ar 1 Eanáir 2018.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 25 de 2017, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

Polasáí stoic

Comhroinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11), an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 39) stoic intomhalta TF. Leithdháiltear iad bunaithe ar líon na foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus áisiúlachta, taifeadtar an caiteachas ar stoc intomhalta TF faoi Vóta 11. Ós rud é go meastar an stoc a bheith comhroinnte áfach, áirítear é sna nótaí costais oibriúcháin do chuntais Vóta 7, Vóta 11, Vóta 18 agus Vóta 39 agus leithdháiltear é bunaithe ar líon na foirne sna Ranna faoi seach.

Bunús leis an táille ar sheirbhísí

Gearrann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte táille sheirbhíse dá seirbhísí acmhainní daonna agus riartha pinsean. Rinneadh 35% de na costais oibríochtúla a dháileadh maidir leis an táille sheirbhíse PeoplePoint 2017, ar bhonn pro-rata i measc na gcomhlachtaí seirbhíse poiblí uile ar a bhfreastalaítear (bunaithe ar líon na bhfostaithe atá acu). Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a íocann an 65% eile.

Gearrtar táille ar sheirbhísí párolla comhroinnte trí bhíthin an buiséad párolla a shochtadh ar bhonn ina bhfuil an Stáitchiste neodrach. De réir mar a roghnaíonn comhlachtaí san earnáil phoiblí a bheith páirteach i seirbhísí comhroinnte párolla, cuirtear laghdú buiséid gaolmhar i bhfeidhm maidir le Vóta na gcustaiméirí. Ba é €2.1 milliún an méid párolla a shochtadh in 2017.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaiochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú, arbh ann dó, le linn na bliana cuntais, ar bhonn riaracháin laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm lena gcuimsítear na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socrúithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta maidir le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú
- ba é coiste iniúchóireachta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an coiste iniúchóireachta a bhí ar bun le haghaidh na bliana cuntais
- cuireadh coiste iniúchóireachta agus riosca ar leith ar bun óir bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte mar chomhlacht státseirbhíse ar 1 Eanáir 2018
- tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí idirbheartaíochta airgeadais ar bhonn comhroinnte do Vóta 18
- rinneadh na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú
- tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar na tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamhaisnéisí.
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta. Rinneadh an caiteachas caipitil go léir de réir na dtreoirínte ábhartha.
- Cinntíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas ceannacháin agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht leis na treoirínte ábhartha go léir a chinntiú.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

B'ann don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) i gcomhair na bliana cuntais ar bhonn riaracháin laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus faoi shainchúram aonad iniúcháireachta inmheánaí na Roinne sin. Dá bhrí sin, tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ábhartha ina leith sin. Cuireadh aonad iniúcháireachta inmheánaí ar bun laistigh den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte d'fhonn a bunú mar Oifig ar leith ar 1 Eanáir 2018 agus rinneadh Coiste Iniúcháireachta a cheapadh ar a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách. Oibreoidh an t-aonad iniúcháireachta inmheánaí de chuid na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte de réir cairte scríofa atá faofa agam. Rachaidh anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a chuid oibre agus beidh a chuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís sin.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

B'ann don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) i gcomhair na bliana cuntais ar bhonn riaracháin laistigh den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus cuireadh próiseas agus polasaí bainistíochta riosca na Roinne i bhfeidhm. Tá an Oifig tar éis tús a chur le cur chun feidhme córas bainistíochta riosca don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte lena n-aithnítear na príomhrioscaí agus na príomhghníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun plé leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí ar bun ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá i ndán don oifig agus rinneadh iad sin a aithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár sin a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta. Baintear leas as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfaí rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Tá cur síos sa chlár rioscaí ar na rialaithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht as feidhmiú na rialaithe a shannadh do bhall foirne ar leith.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta curtha ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta nuair is cuí sin, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur aithníodh na príomhrioscaí agus na rialaithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialaithe sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ar bun ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuirtear bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar éifeachtacht an córais rialaithe inmheánaigh airgeadais leis an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht bainistíochta sinsearach laistigh den oifig atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Dlíteanais Nár Tháinig in Aibíocht go Fóill a Íoc

Rinneadh réamhíocaíochtaí a rinneadh in 2017 a cheistiú in iniúchadh na bliana reatha. In athbhreithniú a rinne Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte fuarthas go ndearnadh réamhíocaíochtaí dar luach €1,102,916 in iomlán le soláthraí aonair. Rinneadh na híocaíochtaí sin sular cuireadh an tseirbhís ar fáil gan oibleagáid chonartha a bheith ann ina leith, contrártha le riachtanais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí*.

As méid iomlán na réamhíocaíochtaí a rinneadh, gearradh €644,397 ar an vóta - cuireadh €52,460 den tseirbhís sin i gcrích in 2017 agus cuireadh €591,937 di i gcrích in 2018. Níor gearradh an t-iarhméid dar luach €458,519 ar an vóta, mar gheofar na costais sin ar ais ó chomhlachtaí seirbhíse poiblí in am trátha, cuireadh an tseirbhís sin i gcrích in 2018.

Níor tabhaíodh cailiteanas airgeadais ós rud é go bhfuair Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte tromlach na seirbhísí ar íocadh astu roimh ré agus is comhpháirtí fadtéarmach de chuid Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte é an soláthraí sin. Admhaíonn Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte nach rabhthas in ann a leithéid a chosc lena chóras rialaithe inmheánacha airgeadais a bhí ar bun ag an tráth sin.

Le héifeacht láithreach, cuireadh feabhsuithe rialaithe i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfaí aon réamhíocaíochtaí amach anseo a athbhreithniú go lárnach agus a fhaomhadh sula ndéanfaí íocaíocht ar bith, agus go ndéanfaí athbhreithniú lárnach ar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le gach íocaíocht atá os cionn teorainneacha sonraithe.

Tá tús curtha le hathbhreithniú cuimsitheach ar na rialaithe inmheánacha airgeadais uile chun maolú a dhéanamh i gcoinne teipeanna rialaithe lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais láidir i bhfeidhm.

Tuairiscí Dearbhaithe ar Rialaithe ag Eagraíocht Seirbhíse

Tá próiseas iniúcháireachta curtha ar bun agam chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le feidhmiú na rialaithe a bhaineann le seirbhísí arna soláthar ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Is iad iniúcháirí neamhspleácha a dhéanann na hiniúchtaí i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Dearbhú Iontaofachta (ISAE 3402) 'Tuairiscí Dearbhaithe ar Rialaithe ag Eagraíocht Seirbhíse'. Tá dhá chineál tuairisce ISAE 3402 ann:

- Tá Cineál I deartha chun tuairisciú chuig ranna eile agus chuig a gcuid iniúcháirí maidir le sonraí agus dearadh na rialaithe ag eagraíocht seirbhíse, agus
- Cuirtear an dearbhú céanna ar fáil le Cineál II is a chuirtear ar fáil i dtuairisc de Chineál I ach tugtar dearbhú leis sin freisin gur baineadh amach na cuspóirí rialaithe agus gur cuireadh i bhfeidhm go héifeachtach iad le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú.

Bhain seirbhísí comhroinnte um acmhainní daonna deimhniú Chineál II de chuid ISAE amach in 2018, bunaithe ar thástáil a rinneadh in 2017.

Rinneadh athbhreithniú ISAE de Chineál I ar sheirbhísí comhroinnte párolla in 2017 agus tá cur síos ann ar na rialaithe atá ar bun ag 31 Nollaig 2016. Aithníodh mionlaige i gcaitheamh an athbhreithnithe ISAE de Chineál I maidir le cearta rochtana a bhaint mura bhfuil gá leo a thuilleadh. Rinneadh athbhreithniú ar an ábhar sin agus glacadh na céimeanna iomchuí lena leithéid a chosc sa todhcháil.

Tá seirbhísí comhroinnte párolla ag dul ar aghaidh go dtí deimhniú de Chineál II anois.

Ró-íocaíochtaí

Rinneadh ró-íocaíochtaí, ar raibh an phríomhchúis leo inchurtha i leith NSSO i 1,401 cás, lenar bhain luach measta de €1,466,849.

Saincheisteanna Maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir le 2017 ar tharla cailteanas ábhartha dá dtoradh, nó go bhféadfadh cailteanas ábhartha a bheith ina thoradh orthu.

Hilary Murphy-Fagan

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

24 Meán Fómhair 2018

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An bonn faoi mo thuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Níl baint ná páirt agam le hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Íocaíochtaí neamh-aibithe

Tá sé nochtá ag an Oifigeach Cuntasaíochta san ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais go nairítear suimeanna de €592,000 san chuntas leithreasa nach raibh aibithe le hóc go dtí 2018. Íocadh €459,000 d'íocaíochtaí breise, a ghearradh ar chuntas fionraí, sula raibh na dliteanais le n-aibí i 2018.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2018

Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte Cuntas Leithreasa 2017

		2017		2016
		Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas chláir				
A	Seirbhísí comhroinnte a sholáthar lena n-áirítear pearsanra, párolla agus seirbhísí riartha pinsean	50,623	40,081	36,405
Ollchaiteachas		50,623	40,081	36,405
<i>Luíde</i>				
B	Leithreasaí-i-gcabhair	5,450	5,463	5,338
Glanchaiteachas		45,173	34,618	31,067

Farasbarr

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime fheidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithreasaithe neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

	2017	2016
	€	€
Farasbarr	10,555,610	8,091,142
Géilleadh iarchurtha	(1,429,000)	—
Farasbarr le géilleadh	9,126,610	8,091,142

Hilary Murphy-Fagan

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte

24 Meán Fómhair 2018

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2017

	2017	2016
	€000	€000
Costas chláir	9,661	12,555
Pá	22,530	19,306
Neamhphá	7,890	4,544
Ollchaiteachas	40,081	36,405
<i>Luíde</i>		
Leithreasáí-i-gcabhair	5,463	5,338
Glanchaiteachas	34,618	31,067
Athruithe i sócmhainní caipitil		
Airgead tirim um cheannacháin	(6,943)	
Dímheas	5,112	
	(1,831)	(7,474)
Athruithe i nglansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhraithe deiridh	(2,345)	
Méadú stoic	15	
	(2,330)	749
Caiteachas díreach	30,457	24,342
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	(12,303)	(8,498)
Measchíosanna	423	302
Costas chláir glan	18,577	16,146

1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 18 a iompraíodh in áiteanna eile.

		2017	2016
		€000	€000
Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais	m	96	198
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	m	5	5
Vóta 11 An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	m	598	—
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	m	907	922
Costas cionroinnte na seirbhísí comhroinnte do vótaí eile	m	(13,909)	(9,623)
		(12,303)	(8,498)

Tugann 'm' le fios gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir.

Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Sócmhainní caipítíl	2.2	22,117	14,729
Sócmhainní caipítíl atá á bhforbairt	2.2	—	12,809
		22,117	27,538
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	16,489	20,118
Stoic	2.4	—	15
Réamhíocaíochtaí		2,953	545
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	1,846	150
Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite	2.7	56	(1,182)
Iomlán na sócmhainní reatha		21,344	19,646
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhráithe		230	167
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	1,264	1,792
Iarmhéideanna maoinithe/réamhíocaíochta na gcliant	2.8	17,127	17,294
Iomlán na ndliteanas reatha		18,621	19,253
Glansócmhainní reatha		2,723	393
Glansócmhainní		24,840	27,931
Arna léiriú ag:			
Cuntas um maoiniú Stáit	2.1	24,840	27,931

2.1 Cuntas um maoiniú Stáit

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid ag 1 Eanáir		27,931	21,116
Eisiocaíochtaí as an Vóta			
Soláthar mheastacháin	Cuntas	45,173	—
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(9,127)	—
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(1,429)	—
Vóta glan		34,618	31,067
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1.1	(12,303)	(8,498)
Mír neamh-airgid – coigeartú sócmhainn chaipítíl		(280)	—
Míreanna neamh-airgid – sócmhainní caipítíl agus dímheas - aistriú ón OSR		—	47
Míreanna neamh-airgid – sócmhainní caipítíl agus dímheas - aistriú chuig an OSR		—	(36)
Mír neamh-airgid – coigeartú SCAF		(6,972)	79
Caiteachas neamh-airgid – measchíos		423	302
Costas chlár glan	1	(18,577)	(16,146)
Iarmhéid ag 31 Nollaig		24,840	27,931

2.2 Sócmhainní caipitil

	Bogearraí agus trealamh TF €000	Troscán agus feistis €000	Trealamh oifige €000	Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Sócmhainní caipitil					
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017	23,123	506	77	12,809	36,515
Coigeartú i leith na bliana roimhe ¹	(351)	—	—	(6,972)	(7,323)
Breiseanna	1,742	39	—	5,162	6,943
Curtha i bhfeidhm	1,051	—	—	(1,051)	—
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017	25,565	545	77	9,948	36,135
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017	8,754	179	44	—	8,977
Coigeartú i leith na bliana roimhe ¹	(71)	—	—	—	(71)
Dímheas don bhliain	5,042	54	16	—	5,112
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017	13,725	233	60	—	14,018
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017	11,840	312	17	9,948	22,117
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016	14,369	327	33	12,809	27,538

¹ Tá gá le coigeartú chun ceartú a dhéanamh ar an €6.97 milliún a breacadh le haghaidh sócmhainní caipitil arna gcaipitliú ó shócmhainní caipitil atá á bhforbairt (SCAF) i 2016 ar cuireadh san áireamh iad le trealamh TF ach gur fhágadh san iarmhéid le haghaidh SCAF iad chomh maith. Ba ghá luach sócmhainne a ndearnadh áibhéil air mar €351,000 ar an gclár sócmhainní a cheartú chomh maith.

2.3 Banc agus airgead tirim

ag 31 Nollaig	2017 €000	2016 €000
Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim	(643)	2,824
Orduithe gan íoc	17,132	17,294
	16,489	20,118

2.4 Stoic

ag 31 Nollaig	2017 €000	2016 €000
Stáiseanóireacht	—	4
Ábhair inchaite TF	—	11
	—	15

2.5 Iarmhéideanna dochair eile

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Scéim Phas Taistil	93	67
Tuarastail In-Fhorchúitithe	—	6
Méid a cuireadh ar fionraí i leith OOP	809	42
Méid a cuireadh ar fionraí i leith HRMS	920	13
Míreanna dochair eile ar fionraí	24	22
	1,846	150

2.6 Iarmhéideanna sochair eile

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	302	217
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	308	245
Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla	340	1,074
Ranníocaíochtaí Pinsin	91	70
Cáin Mhaoine Áitiúil	4	3
Muirear Sóisialta Uilíoch	76	70
	1,121	1,679
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	143	113
	1,264	1,792

2.7 Maoiniú glan ón Státhiste atá dlite

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas	9,127	8,091
Géilleadh iarchurtha	1,429	—
Deontas Státhiste nár tarraingíodh	(10,612)	(6,909)
Maoiniú glan ón Státhiste atá dlite	(56)	1,182
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	16,489	20,118
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	1,846	150
	18,335	20,268
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,121)	(1,679)
Iarmhéideanna maoinithe/réamhíocaíochtaí na gcliant	(17,127)	(17,294)
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	(143)	(113)
	(18,391)	(19,086)
	(56)	1,182

2.8 Cuntas bainc párolla arna maoiniú ag na gcliaint

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte feidhm seirbhíse comhroinnte párolla do roinnt ranna/oifigí agus gníomhaireachtaí Rialtais. Ba é iarmhéid an chuntais seo ná €17,126,768 ag 31 Nollaig 2017, agus b'ionann iomlán an mhéid sin agus airgead a taisceadh chuig an gcuntas ag na hoifigí cliaint sin chun maoiniú a chlúdach le haghaidh tuarastail thar thréimhse na bliana úire.

2.9 Ceangaltais

a) Ceangaltais dhomhanda

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	2,190	2,235
Tionscadail chaipitil	24,680	33,955
Iomlán na gceangaltas is infheidhme go dlíthiúil	<u>26,870</u>	<u>36,190</u>

b) Mórcheangaltais chaipitil

	Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2016	Caiteachas i 2017	Ceangaltais tionscadail i mblianta tar éis sin	Caiteachas iomlán ionchais thar shaolré an tionscadail 2017	Caiteachas iomlán ionchais thar shaolré an tionscadail 2016
	€000	€000	€000	€000	€000
Tionscadal					
Seirbhísí comhroinnte párolla	8,611	2,147	—	10,758	10,373
Seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais	10,467	7,514	24,680	42,661	42,661
	<u>19,078</u>	<u>9,661</u>	<u>24,680</u>	<u>53,419</u>	<u>53,034</u>

2.10 Dlíteanas aibí

ag 31 Nollaig	2017	2016
	€000	€000
Meastachán na ndlíteanas aibithe nár íocadh ag deireadh na bliana	<u>15</u>	<u>2</u>

Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fo-cheannteidil

Anailís ar an gcaiteachais riaracháin

Tá leagtha amach sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachais riaracháin an Vóta, chomh maith leis na cúiseanna le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá an caiteachas riaracháin leithroinnte ar na cláir ar fad d'fhonn léargas iomlán a thabhairt ar na costais a bhain leo.

		2017		2016
		Soláthar mheastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pána agus liúntais	25,206	22,530	19,306
ii	Taisteal agus cothabháil	169	102	83
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	1,144	1,127	812
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	697	519	559
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	5,339	5,834	2,728
vi	Costais áitreabh oifige	660	308	362
		33,215	30,420	23,850

Athruithe suntasacha

i Tuarastail, pána agus liúntais

Soláthar mheastacháin: €25.2 milliún, toradh: €22.5 milliún

Tharla an gannchaitheamh €2.7 milliún ar thuarastail, pá agus liúntais de bharr go raibh moilleanna ginearálta ar fholúntais oibríocháin a leanann ar aghaidh a líonadh. Ina theannta sin, an meastachán €1 milliún a cuireadh i leataobh le haghaidh oibríochtaí seirbhísí comhroinnte airgeadais, ní raibh sé ag teastáil i 2017. Ceist ama ab ea é i ndáiríre, mar go gcuirfeadh tús leis na seirbhísí comhroinnte airgeadais i 2018 anois.

ii Taisteal agus cothabháil

Soláthar mheastacháin: €0.17 milliún, toradh: €0.10 milliún

Tharla an gannchaitheamh €0.07 milliún ar thaisteal agus cothabháil de bharr nach ndearnadh an méid sin éileamh toisc nach raibh oibríochtaí seirbhísí comhroinnte airgeadais i bhfeidhm go fóill.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar mheastacháin: €0.7 milliún, toradh: €0.5 milliún

Tharla an chuid ba mhó den ghannchaitheamh €0.2 milliún ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide de bharr gur fanadh roinnt táillí dáilte duillíní pá sa chuntas cliant ní b'fhaide ná mar a measadh.

v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha

Soláthar mheastacháin: €5.3 milliún, toradh: €5.8 milliún

Tharla an róchaitheamh €0.5 milliún ar threalamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF de bharr go raibh orainn freastalaithe nua a chur in ionad freastalaithe a raibh a ré caite, rud a measadh a raibh géarghá leis chun a chinntiú go gcoinneofaí na hoibríochtaí leanúnacha ag dul.

vi Costais áitreabh oifige

Soláthar mheastacháin: €0.66 milliún, toradh: €0.31 milliún

Tharla an gannchaitheamh €0.35 milliún ar chostais áitreabh oifige de bharr gur cuireadh siar athlonnú an aonaid gnó chorparáidigh go dtí 2018.

Clár A Seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí pearsanra, párolla agus riaracháin pinsean

		2017		2016
		Soláthar measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	25,206	22,530	19,306
A.2	Riarachán – neamhphá	8,009	7,890	4,544
A.3	Tionscadal PeoplePoint	—	—	496
A.4	Tionscadal na seirbhísí comhroinnte párolla	2,602	2,147	2,387
A.5	Tionscadal na seirbhísí comhroinnte bainistíochta airgeadais	14,806	7,514	9,672
		50,623	40,081	36,405

Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €10.5 milliún ní b'isle ná an méid a cuireadh i leataobh. Bhain €2.8 milliún den tsuim sin le caiteachas riaracháin agus tá míniú tugtha air thuas cheana féin. An fuilleach €7.8 milliún, bhain sé leis na nithe seo a leanas den chuid ba mhó:

A.4 Tionscadal na Seirbhísí Comhroinnte Párolla

Soláthar mheastacháin: €2.6 milliún, toradh: €2.1 milliún

D'éirigh an tearc-chaitheamh €0.5 milliún i gcomparáid leis an soláthar measta de bharr nach bhfuarthas daoine nua le teacht i gcomharbacht ar bhail den fhoireann tionscadail a d'fhág an tionscadal go luath sa bhliain.

A.5 Tionscadal na Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais

Soláthar mheastacháin: €14.8 milliún, toradh: €7.5 milliún

Tharla an tearc-chaitheamh €7.3 milliún de bharr gur thit an comhpháirtí (a fostaíodh ar conradh leis an gcóras a fhorbairt) ar gcúl le forbairt, dearadh agus rolladh amach gnéithe áirithe den tionscadal. Ceist ama ab ea é sin, a rachfar i ngleic leis le himeacht thréimhse an tionscadail.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

	2017		2016
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1 Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí	580	456	461
2 Tobhach PeoplePoint	4,700	4,867	4,714
3 Ilghnéitheach	170	140	163
Iomlán	5,450	5,463	5,338

Athruithe suntasacha

Ar an iomlán, bhí na leithreasáí i gcabhair €0.01 milliún ní b'airde ná an réamhaisnéis.

Tá mínithe ar na hathruithe sin leagtha amach thíos:

1 Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí

Soláthar mheastacháin: €0.58 milliún, toradh: €0.46 milliún

Bhí na fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta beagán ní b'isle ná mar a measadh de bharr gur caitheadh ní ba lú ar thuarastail agus pá.

2 Tobhach PeoplePoint

Soláthar mheastacháin: €4.7 milliún, toradh: €4.87 milliún

Bhí Tobhach PeoplePoint €0.17 milliún ní b'airde ná an soláthar, rud a tharla de bharr gur gannmheasadh na costais bliantúla ionchais.

3 Ilghnéitheach

Soláthar mheastacháin: €0.17 milliún, toradh: €0.14 milliún

Bhí an figiúr do 'Ilghnéitheach' ar aon dul leis an meastachán a bheag nó a mhór agus is figiúr é a bhraitheann go mór ar rudaí athraitheacha, amhail saoire bhreiteachta nó saoire mháithreachais.

Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

5.1 Líon na bhfostaithe

	2017	2016
Líon na mball foirne ag deireadh na bliana (coibhéisí lánaimseartha)	750	601

5.2 Pá

	2017	2016
	€000	€000
Pá ^a	22,315	19,226
Iomarcaíocht	—	51
Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise	30	11
Liúntais eile	33	29
Ragobair	250	163
ÁSPC an Fhostóra	1,890	1,607
Pá iomlán	24,518	21,087

^a Tógtar san áireamh san fhigiúr 'Pá iomlán' an pá faoi na fo-cheannteideil A.1, A.4 agus A.5

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2017	2016
			€	€
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	9	1	23,546	2,811
Liúntais eile	10	—	9,474	6,532
Ragobair	255	—	8,741	5,343
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	6	—	6,252	—

5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

Bhí luach €114,681 de ró-íocaíochtaí taifeadta ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ag deireadh na bliana, a bhain le 122 duine aonair (2016: €86,500 (121 duine aonair)). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i leith €34,553 (95 duine aonair) den mhéid sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí páirteach i Seirbhísí Comhroinnte ag 31 Nollaig 2017

Comhlacht Seirbhíse Poiblí	Seirbhísí Comhroinnte	Seirbhísí Comhroinnte
	AD	Párolla
An Garda Síochána (an Fórsa, Sibhialtaigh agus Pinsinéirí)	—	✓
Ombudsman an Gharda Síochána	✓	✓
An Phríomh-Oifig Staidrimh	✓	✓
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	✓	✓
Scoileanna Coinneála Leanaí	—	✓
Bord Athstruchtúraithe na gComhar Creidmheasa	—	✓
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	—	✓
Seirbhís na gCúirteanna	✓	✓
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	✓	✓
An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta	✓	✓
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	✓	✓
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	✓	✓
An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	✓	✓
An Roinn Cosanta (Riarachán)	✓	✓
An Roinn Cosanta (an Fórsa Cosanta, Sibhialtaigh agus Pinsinéirí)	—	✓
An Roinn Oideachais agus Scileanna	✓	✓
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí	✓	✓
An Roinn Airgeadais	✓	✓
An Roinn Airgeadais (Pinsinéirí PMG)	—	✓
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	✓	✓
An Roinn Sláinte	✓	✓
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	✓	✓
An Roinn Dí agus Cirt agus Comhionannais	✓	✓
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	✓	✓
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Pinsinéirí)	—	✓
Roinn an Taoisigh	✓	✓
An Roinn Iompair, Turasóireacht agus Spóirt	✓	✓
An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte	—	✓
Comhoibriú Idirnáisiúnta	✓	✓
Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann	—	✓
Coimisiún Ceart Daonna agus Comhionannais na hÉireann	✓	✓
Seirbhís Príosún na hÉireann	—	✓
An Coimisiún um Athchóiriú an Dí	—	✓
An Bord um Chúnamh Dílíthiúil	✓	✓
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	—	✓
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	✓	✓
An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	—	✓
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	✓	✓
Ard-Mhúsaem na hÉireann	✓	✓
Oifig náisiúnta um sheirbhísí roinnte	✓	✓
Oifig an Ard-Aighne	✓	✓
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	✓	✓
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	✓	✓
An Oifig um Sholáthar Rialtais	✓	✓
Oifig an Ombudsman	✓	✓

Comhlacht Seirbhíse Poiblí

	Seirbhísí Comhroinnte AD	Seirbhísí Comhroinnte Párolla
Oifig na nOibreacha Poiblí	✓	✓
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	✓	✓
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	✓	—
Ombudsman na bPinsean	—	✓
Teaghlachas an Uachtaráin	✓	✓
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	✓	✓
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	✓	✓
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre	✓	—
Coimisiún na Scrúduithe Stáit	✓	✓
An tSaotharlann Stáit	✓	✓
An Oifig Luachála	✓	✓
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	—	✓
